Belong To LGBTQ+ Youth Ireland



# Comhghuaillíocht



Is éard atá i gceist leis an gcomhghuaillíocht ná tacaíocht a thabhairt do dhaoine LADTQ+ agus abhcóideacht a dhéanamh ar a son, d'fhonn a chinntiú go mbraitheann siad sábháilte agus n-airíonn siad go bhfuil tacaíocht acu. Tá sé ceangailte le ceann dár bpríomhchuspóirí: Cuir leis an gcairdeas agus an tacaíocht a léiríonn daltaí eile do dhaltaí LADTA+.

## Céard atá i gceist le Comhghuaillí?

Is féidir an sainmhíniú seo a thabhairt ar chomhghuaillí "duine atá ina bhall de ghrúpa ceannasach nó de ghrúpa tromlaigh a oibríonn chun deireadh a chur le cos ar bolg ina shaol pearsanta agus gairmiúil trí thacaíocht a thabhairt don phobal atá faoi chois agus a dhéanann abhcóideach leis an bpobal atá faoi chois agus ar son an phobail sin."[1]

In ainneoin nach bhfeiceann siad iad féin mar bhaill den phobal LADTA+, tá ról gníomhach ag comhghuaillithe na ndaoine LADTA+ ó thaobh tacú le daoine LADTA+ a bhfuil leithcheal déanta orthu nó a bhíonn coinnithe amach mar gheall ar cé hiad féin.


## Cén fáth a bhfuil na Comhghuaillithe Tábhachtach?

Braitheann daoine óga go minic ar a bpiaraí le haghaidh tacaíocht shóisialta.[2] Léiríonn taighde nach bhfuil an oiread céanna stiogma faoina bhféiniúlacht inmheánaithe ag daoine óga LADTA+ atá cairdiúil le comhghuaillithe.[3] Ós rud é go bhféadfadh go mbeadh sé deacair do dhaoine óga LADTA+ tacaíocht a fháil ó bhaill teaghlaigh, d'fhéadfadh go mbeadh an tacaíocht óna bpiaraí níos tábhachtaí fós dóibh.[4] Mura bhfuil mórán daoine óga eile sa scoil, sa tseirbhís óige, nó sa bpobal áitiúil atá oscailte faoi bheith LADTA+, d'fhéadfadh go mbeadh nithe dúshlánacha ann dóibh gan cairdeas nó tacaíocht na gcomhghuaillithe.

Chomh maith le go bhfuil siad tábhachtach ar leibhéal an duine aonair, is cuid ríthábhachtach iad na comhghuaillithe d'aon ghluaiseacht atá ag iarraidh cearta a bhaint amach do ghrúpa mionlaigh nó iad a chosaint. De bharr go bhfuil go leor daoine eile ann nach bhfeiceann iad féin mar bhaill de ghrúpa, ní mór an tacaíocht ón taobh amuigh a fhorbairt.

Smaoinigh ar na hagóidí de chuid Black Lives Matters in aghaidh an chiníochais in 2020. Ghlac na mílte in Éirinn páirt i máirseálacha ar fud na tíre, agus níorbh ó chúlra eitneach mionlaigh a bhformhór. Mar sin féin, d'airigh siad go gcaithfidís gníomhú chun a dtacaíocht a léiriú do na pobail a mbíonn tionchar ag an gciníochas orthu.

Tá samplaí iontacha de chomhghuaillíochtaí LADTA+ in Éirinn cheana féin, agus iad le tabhairt faoi deara go háirithe le linn an reifrinn ar Chomhionannas Pósta in 2015. Mura mbeadh ach daoine LADTA+ ag vótáil i bhfabhar an chomhionannais pósta LADTA+, ní bheadh toradh an reifrinn chomh mór i bhfábhar Tá! Mar sin féin, a bhuíochas don tacaíocht a thug comhghuaillithe na ndaoine LADTA+, buadh an reifreann, agus léirigh an toradh deiridh gur thacaigh 62% de na vótóirí leis an rún.



## Céard a dhéanann na Comhghuaillithe?

Is é freagra na ceiste sin ná go mbíonn comhghuaillithe gníomhach! Ní daoine iad  atá díreach sásta cur suas le daoine LADTA+, nó nach ndéanann leithcheal orthu. Is amhlaidh gur daoine iad a dhéanann beart chun dlúthpháirtíocht a léiriú, dúshlán a thabhairt don réamhchlaonadh, agus an domhan a dhéanamh níos cothroime agus níos córa.

Cé, dar ndóigh, gur ainmfhocal é an focal 'comhghuaillí' nuair a smaoiníonn daoine áirithe ar an bhfocal samhlaíonn siad gur briathar atá ann, chun béim a leagan air go bhfuil an gníomh ina chuid bunúsach den ról.

D'fhéadfadh gníomhartha éagsúla a bheith ar bun ag comhghuaillithe na ndaoine LADTA+. Samplaí den rud a d'fhéadfadh comhghuaillí a dhéanamh is ea cluas thacúil a thabhairt do dhuine atá i gcruachás, a ladar a chur isteach má chloiseann siad ráiteas homafóbach, nó freastal ar mháirseáil agóide de chuid Bród.

Laistigh den phobal scoile, san ionad Ógtheagmhála nó sa tseirbhís óige, tá sé de chumhacht ag comhghuaillithe, agus iad i róil éagsúla, rudaí éagsúla a dhéanamh. Mar shampla, d'fhéadfadh múinteoir nó oibrí óige a bheadh ag feidhmiú mar chomhghuaillí ceacht a theagasc a chuimsíonn daoine LADTA+ d'fhonn dlúthpháirtíocht a léiriú agus d'fhéadfadh comhghuaillí i measc na ndaoine óga tionchar a imirt ach taobhú le duine óg LADTA+ atá á chrá.

## Céard a Spreagann duine le bheith ina Chomhghuaillí?

Tá roinnt cúiseanna go nglacfadh duine óg cinneadh oibriú mar chomhghuaillí. Léiríonn taighde go gcabhraíonn na caidrimh phearsanta le daoine LADTA+ leis an duine sin comhbhá a fhorbairt chomh maith lena thiomantas do shochaí chomhionann.[5] I measc na dtosca eile tá go ndéantar smaointeoireacht chriticiúil agus féinmhachnamh a fhorbairt, agus go mbíonn deis a bheith ag plé topaicí a bhaineann le LADTA+ go neamhfhoirmiúil le piaraí.[6]

Thar aon ní eile, caithfear an deis a thabhairt do chomhghuaillí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí praiticiúla –go n-iarrfaí a gcabhair agus go gcuirfí bealaí fiúntacha os a gcomhair le bheith gníomhach.[7]

## Céard a stopfadh duine ó bheith ina Chomhghuaillí?

D'fhéadfadh sé gur rud dúshlánach a bheadh ann, go háirithe i gcás daoine óga, a bheith ag oibriú go gníomhach chun dul i ngleic le hidirdhealú i gcoinne daoine LADTA+. Ní féidir daoine LADTA+ a aithint díreach ó bheith ag breathnú orthu. Ní bhíonn sé soiléir ach an oiread taobh istigh d'aon ghrúpa cé hiad na daoine LADTA+ atá ann agus cé hiad na comhghuaillithe. Mar gheall air seo d'fhéadfadh go mbeadh imní ar chuid de na daoine óga go gceapfaí gur daoine LADTA+ a bhí iontu féin agus iad ag feidhmiú mar chomhghuaillithe, agus go mbeadh cuid den stiogma nó den idirdhealú céanna i gceist agus a bheadh lena bpiaraí LADTA+.[8] Fuarthas amach i dtaighde go raibh sé deacair do chomhghuallaithe heitrighnéasacha a ladar a chur isteach nuair a bhí teanga fhóibeach LADTA+ in úsáid, mar gheall ar an mbaol a bhí ann go ndéanfaí iad féin a chiapadh dá bharr.[9]

Ar an gcúis seo, caithfidh an fhoireann gach tacaíocht a thabhairt do na comhghuaillithe óga sna suíomhanna oideachais nó sna seirbhísí óige chun an imní seo a laghdú. Má chruthaítear cúinsí nach gcuirtear suas le haon chineál bulaíochta nó ciapadh, beifear ag cabhrú le misneach a thabhairt do na comhghuaillithe, ionas go mbeidh siad in ann gníomhú agus tacú lena bpiaraí LADTA+.

# Cén chaoi le bheith i do Chomhghuaillí LADTA+

Tá a fhios againn mar sin gur gníomh atá i gceist le bheith ina chomhghuaillí – ach céard a theastaíonn uait le go mbeidh tú i do chomhghuaillí don phobal LADTA+? Tá ceithre leibhéal forbartha ann a dtéann daoine tríothu le bheith ina gcomhghuaillithe.[10]

## 1. Feasacht

Is é an chéad chéim ná go mbeadh tuiscint agat ar cé tú féin agus cosúlachtaí agus na difríochtaí atá idir tusa agus daoine LADTA+. Mar oideachasóir, d'fhéadfá é seo a bhaint amach trí phlé ranga, comhráite le daoine LADTA+, agus do mhachnamh a dhéanamh ar d'fhéiniúlachtaí agus ar d'eispéiris féin.

## 2. Eolas

Is é an chéad chéim eile a bhaineann le bheith i do chomhghuaillí ná múineadh do dhaoine eile faoi dhaoine LADTA+ agus faoi na hábhair a mbíonn tionchar acu orthu mar phobal. D'fhéadfaí a chur san áireamh anseo trí grinnstaidéar a dhéanamh ar dhlíthe agus ar bheartais a théann i bhfeidhm ar dhaoine LADTA+ in Éirinn agus in áiteanna eile.

## 3. Scileanna

Cé go bhféadfadh sé a bheith dúshlánach go leor tabhairt faoi chabhrú le daoine óga na scileanna a theastóidh uathu chun feidhmiú mar chomhpháirtithe a fhorbairt, tá sé an-tábhachtach. Smaoinigh ar na cineálacha gníomhartha a d'fhéadfadh do chomhghuaillithe a dhéanamh – a ladar a chur isteach i gcás go gcloistear teanga homafóbach, nó cuidiú le feachtas feasachta. Cén cineál scileanna a bheidh ag teastáil uathu chun é seo a dhéanamh go héifeachtach?

## 4. Gníomh

Táimid anois ag an gcéim dheiridh agus an chéim is tábhachtaí. Nuair a thosóidh na daoine óga ag cur a bhfuil foghlamtha acu i bhfeidhm agus ag gníomhú chun tacú lena bpiaraí LADTA+ cuirfear athrú ó bhonn ar ár scoileanna, ar ár seirbhísí óige agus ar an tsochaí! Caithfear obair fhiúntach a thabhairt le déanamh do na comhghuaillithe, agus caithfear cuireadh a thabhairt dóibh a bheith páirteach ann.

Agus plé ar bun sa rang ba chóir tabhairt faoi i gcónaí agus an meas mar phrionsabal bunaithe. Níor cheart go mbeadh aon amhras riamh faoi chearta aon duine ná faoi chearta aon ghrúpa – bíodh siad ina ndaoine LADTA+ nó ná bíodh. Tá sé de cheart ag gach duine a chreideamh agus a dhearcadh pearsanta féin a bheith aige, ach i scoil nó i suíomh seirbhíse óige ba chóir go léireofaí meas ar gach duine.

# Gníomhartha na gComhghuaillithe

## Oideachas

Déan seisiún machnaimh a éascú leis na daoine óga atá i do shuíomh maidir lena bhféiniúlachtaí féin, agus an ról a d'fhéadfaidís a imirt chun sochaí níos cothroime a chruthú.

## Seachtain Feasachta Seas an Fód

Is deis iontach í Seachtain Feasachta Seas an Fód chun bealaí fiúntacha le dul i mbun gnímh a thabhairt do na comhghuaillithe atá i do shuíomh. Spreag na daltaí LADTA+ chomh maith leis na comhghuaillithe le páirt a ghlacadh san ullmhúcháin do Sheachtain Feasachta Seas an Fód.

## Ceangail leis an bPobal LADTA+

D'fhéadfá cuireadh a thabhairt do chainteoir ón LADTA+ teacht chuig do scoil, d'Ionad Ógtheagmhála nó do sheirbhís óige le labhairt libh le linn Sheachtain Feasachta Seas an Fód. Mura féidir leat cainteoir a fháil chun teacht go pearsanta, d'fhéadfá físeáin nó podchraoltaí YouTube a úsáid chun éisteacht le daoine LADTA+ ag labhairt faoina dtaithí, agus na bealaí, dar leo, a bhféadfadh na comhghuaillithe a bheith gníomhach.

## Grúpa LADTA+ agus Comhghuaillithe a bhunú

Tugann na grúpaí seo bealach iontach dúinn le spás sábháilte a chruthú inar féidir le daoine óga LADTA+ agus a gcomhghuaillithe muintearas a dhéanamh agus saincheisteanna atá tábhachtach dóibh a phlé. Chomh maith leis sin tugann sé deis iontach do na comhghuaillithe le forbairt a dhéanamh ar an bhfeasacht, an t-eolas agus na scileanna a theastaíonn ionas go mbeidh siad ina ann gníomhú go fiúntach chun tacú leis an bpobal LADTA+.

> **"Tá an t-eolas go maith, ach tá an beart níos fearr."[11]**

# References:


1. Washington, J. and Evans, N. (1991) 'Becoming an ally'. In N. Evans and V. Wall (eds.) Beyond tolerance: Gays, lesbians and bisexuals on campus. Alexandria, VA: American College Personnel Association.
2. Blum, R. W., McNeely, C., and Nonnemaker, J. (2002) 'Vulnerability, risk, and protection', Journal of Adolescent Health, (31).
3. Baiocco, R., Laghi, F., DiPomponio, L., and Nigito, C. S. (2012) 'Self-disclosure to the best friend: Friendship quality and internalized sexual stigma in Italian lesbian and gay adolescents', Journal of Adolescence, 35(2).
4. Needham, B. L. and Austin, E. L. (2010) 'Sexual orientation, parental support, and health during the transition to young adulthood', Journal of Youth and Adolescence, (39).
5. Duhigg, J. M., Rostosky, S. S., Gray, B. E. and Wimsatt, M. K. (2010) 'Development of Heterosexuals into Sexual-Minority Allies: A Qualitative Exploration',
6. Poteat, V. P. (2015) 'Individual Psychological Factors and Complex Interpersonal Conditions that Predict LGBT-Affirming Behavior', Journal of Youth Adolescence, (44).
7. Duhigg, J. M., Rostosky, S. S., Gray, B. E. and Wimsatt, M. K. (2010) 'Development of Heterosexuals into Sexual-Minority Allies: A Qualitative Exploration', Sexuality Research and Social Policy, (7).
8. Goldstein, S. B. (2017) 'Stigma and stigma by association in perceptions of straight allies', Journal of LGBT Youth, 14(4).
9. Lapointe, A. A. (2015) 'Standing "Straight" Up to Homophobia: Straight Allies' Involvement in GSAs', Journal of LGBT Youth, 12(2).
10. Evans, N. J. and Washington, J. (2010) 'Becoming an ally: A new examination'. In M. Adams, W. J. Blumenfeld, C. Castaneda, H. W. Hackman, M. L. Peters and X. Zuniga (eds.) Readings for diversity and social justice. New York: Routledge.
11. Fox, D. R. (2003) 'Awareness is good, but action is better', The Counseling Psychologist, (31).

# Plean Ceachta

Tá acmhainn bhreise againn maidir leis an gComhghuaillíocht a d'fhéadfaí a úsáid istigh sa seomra ranga. Tá an Powerpoint seo in éineacht leis an bplean ceachta thíos sa chaoi go mbeidh tú in ann beocht a chur sa téama a bhaineann le comhghuaillíocht taobh istigh den seomra ranga.

**https://www.belongto.org/app/uploads/2023/11/Stand-Up-Awareness-Week-2023-Allyship-Lesson-Powerpoint.pptx**

## Teideal: **Seachtain Seas an Fód - Comhghuaillithe**

| | |
|---|---|
| **Fad an cheachta:** | 60 nóiméad |
| **Cuspóirí foghlama:** | Cad atá i gceist le bheith i do chomhghuaillí?<br>Cad a d'fhéadfadh an comhghuaillí LADTA+ a dhéanamh? |
| **Acmhainní:** | Diamond 9<br>Físeáin You tube (2)<br>Fearas chun póstaeir a dhéanamh (pinn luaidhe dhaite, páipéar bán, etc..) |

### **Tús an cheachta:** (10 nóim)

**Tarraing pictiúr de 'dhuine cipín' agus scríobh timpeall air an oiread codanna de d'fhéiniúlacht agus atá tú in ann smaoineamh orthu. (Peileadóir, dalta, ceoltóir, ball de do theaghlach, Caitliceach, Éireannach, srl..)**

**Aibhsigh an chuid atá tábhachtach duit.**

**Samhlaigh go ndúirt duine éigin leat nach raibh cead agat a bheith mar sin nó go raibh tú mícheart faoi a bheith mar sin nó faoi go raibh spéis agat sa rud sin. Céard a dhéanfá? Cén chaoi a mbraithfeá?**

**Dúshlán: Céard ba mhaith leat a ndéanfadh daoine eile, dá dtarlódh go raibh tusa sa chás áirithe sin?**

Nótaí an Mhúinteora:

Pléigh an chaoi go mbíonn na féiniúlachtaí pearsanta ceannasach nó neamh-cheannasach. Fiafraigh de na daltaí cén chiall atá leis sin i gcomhthéacs na scoile, a mbaile féin, na hÉireann agus an domhain mhóir. (Tá gnéithe dár bhféiniúlacht againn go léir a bhaineann le go bhfuilimid mar chuid de ghrúpa ceannasach nó neamh-cheannasach – mar shampla, d'fhéadfadh dalta a bheith ina Chríostaí (ceannasach) nó ina Mhoslamach (neamh-cheannasach), a bheith ina dhuine geal nó ina dhuine de dhath (neamh-cheannasach), ina imreoir CLG (ceannasach) nó ina imreoir leadóige boird (neamh-cheannasach), srl.. Ba cheart go mbeadh, mar chuid den cheacht, na daltaí ag smaoineamh ar cé acu ceannasach nó neamh-cheannasach atá na grúpaí lena mbaineann siad. In áit a bheith "ag samhlú" go bhfuil siad sa ghrúpa neamh-cheannasach, d'fhéadfadh go dtiocfaidís ar an tuiscint go bhfuil siad ann cheana féin i réimsí áirithe dá saol. Ní tharlóidh sé seo i gcás gach dalta ("seinnteoir giotáir" mar shampla,' cé go mb'fhéidir go bhféadfaí a rá go bhfuil rud ar nós a bheith i do 'chluichire' neamh-cheannasach), ach má tharlaíonn sé, d'fhéadfadh go gcabhródh sé le hiad a spreagadh lena machnamh a dhéanamh ar go bhfuil cosúlachtaí idir é seo agus comhscoláirí dá gcuid atá sa ghrúpa neamh-cheannasach mar a bhaineann lena gclaonadh gnéasach agus/nó a bhféiniúlacht inscne.

Is sampla deas le húsáid é go mbeadh duine ina chiotóg, toisc gur léir go bhfuil sé neamh-cheannasach ó thaobh an choibhnis de agus mar gheall go bhfuil an domhan bunaithe ar an tuiscint gurb é an deasóg "an norm". D'fhéadfadh an múinteoir iarraidh ar dhalta atá ina chiotóg cur síos ar an gcaoi a mbraitheann sé nuair a bhíonn air úsáid a bhaint as deasc nó siosúr nach raibh deartha do dhaoine atá ciotógach– "bhraith sé amscaí, bhí mé beagán náirithe". Is féidir é seo a úsáid chun tús a chur leis an bplé faoin gcaoi go bhféadadh go mbeadh daoine atá i gcineálacha eile grúpaí neamh-cheannasacha ag mothú mar an gcéanna.

| | |
|---|---|
| **Teagasc díreach: (15 nóim)**<br>**Mínigh an fáth gur do gach duine Seachtain Feasachta Seas an Fód.**<br>**Pléigh an smaoineamh atá taobh thiar den chomhghuaillíocht agus a thábhachtaí atá sé don phobal LADTQ+.**<br>**Scríobhann na daltaí sainmhíniú ar an gcomhghuaillíocht ina gcóipleabhair.** | Nótaí an Mhúinteora:<br>Pléigh an tábhacht a bhaineann le comhghuaillithe d'aon ghrúpa mionlaigh. D'fhéadfá samplaí ar nós an reifreann ar Chomhionannas Pósta, Agóidí Black Lives Matters nó agóidí Dunnes Stores a úsáid. |
| **Féach ar an ngrafaic faisnéise chun gur féidir leo a machnamh a dhéanamh ar an gcúis a dteastaíonn comhghuaillithe ón bpobal LADTA+.**<br>**Dúshlán: Cén fáth a roghnódh daoine a bheith ina chomhghuaillithe LADTA+ má tá siad cisinscneach nó heitrighnéasach?** | B'fhéidir go dteastódh uait an ghrafaic faisnéise a phriontáil ionas go mbeidh sé níos fusa do na daltaí é a fheiceáil nó tabhair an nasc chuig an suíomh gréasáin dóibh le go mbeidh siad ábalta é a fheiceáil: https://fra.europa.eu/en/publications-and-resources/infographics/eu-lgbt-survey |
| **Féach ar an bhfíseán agus liostaigh aon chuid de na bhealaí a bhféadfá a bheith i do chomhghuaillí maith.**<br>**Dúshlán: Cad iad na gníomhartha eile, nach bhfuil sa liosta, a d'fhéadfadh daoine a dhéanamh le bheith ina gcomhghuaillithe?** | Lig do na daltaí breathnú ar an bhfíseán ar dtús. Is féidir leo teacht suas le smaointe breise astu féin nó le páirtí.<br>Agus thú ag dul tríd an 10ú sleamhnán, bí cinnte go gcuireann tú béim ar go mbíonn na comhghuaillithe gníomhach. Ní fhanann siad ciúin ná dofheicthe. |
| **Tasc neamhspleách: (20 nóim)**<br>**Diamond 9: Líon isteach an ghníomhaíocht Diamond 9 le do pháirtí. Cuir na gníomhartha atá i measc na samplaí is fearr den chomhghuaillíocht in uachtar agus na samplaí is measa den chomhghuaillíocht in íochtar.**<br>**Smaoinigh agus Roinn le do Pháirtí: Scríobh síos roinnt cúiseanna nach mbeadh duine sásta feidhmiú mar chomhghuaillí.**<br>**Conas a d'fhéadfaí dul i ngleic leis na cásanna seo?**<br>**Féach ar an bhfíseán faoi scéal James.**<br>**Freagair na ceisteanna seo:**<br>1. **Cé na comhghuaillithe a bhí aige ina shaol? Cad a thugann le fios duit gur comhghuaillithe a bhí iontu?**<br>2. **Cén difríocht a dhéanfadh sé do scéal James dá mba rud é go raibh comhghuaillithe aige ar scoil?** | Nótaí an Mhúinteora:<br>Priontáil an ghníomhaíocht Diamond 9 atá ar shleamhnán 12 agus gearr amach na boscaí (nó d'fhéadfá iarraidh ar na daltaí uimhreacha a chur orthu.)<br>Ba chóir do na daltaí teacht suas ar dtús leis na constaicí a bhaineann le bheith ina gcomhghuaillithe (eagla, gan a bheith ag iarraidh aird dhiúltach a tharraingt, srl..). Iarr ar na daltaí a smaointe a roinnt lena bpáirtí agus ansin pléigh iad mar rang. Dírigh ar an tábhacht a bhaineann leis na dúshláin sin a shárú.<br>D'fhéadfaí na ceisteanna seo a úsáid le haghaidh plé ranga nó d'fhéadfadh na daltaí iad a scríobh ina gcóipleabhair. |
| **Seisiún iomlánach: (15 nóim)**<br>**Dear póstaer, físeán nó postáil blag.**<br>**Sa phóstaer beidh tú ag:**<br>- **Míniú a bhfuil i gceist le bheith i do chomhghuaillí LADTA+**<br>- **Ag tabhairt samplaí den chaoi le bheith i do chomhghuaillí maith**<br>**Leid: déan cinnte smaoineamh ar an gcaoi a bhféadfá a bheith i do chomhghuaillí ar an leibhéal duine le duine, ar scoil agus go náisiúnta/ go hidirnáisiúnta** | Nótaí an Mhúinteora:<br>D'fhéadfadh na daltaí oibriú go neamhspleách, le páirtí nó i ngrúpa beag.<br>Spreag iad chun a bhfuil foghlamtha acu a léiriú agus iarr orthu smaoineamh ar bhealaí breise ina bhféadfadh daoine a bheith ina gcomhghuaillithe maithe.<br>D'fhéadfá comórtas a dhéanamh as seo do Sheachtain Feasachta Seas an Fód agus taispeántas a bheith sa cheaintín nó sa phasáiste.<br>D'fhéadfaidís an obair a chríochnú sa bhaile freisin. |




Belong To
13 Parliament St
Dublin 2, D02 P658

info@belongto.org
www.belongto.org
01 670 6223

Belong To is a registered charity in the Republic of Ireland
Registered Charity Number: 20059798. ©Belong To, 2024